d'obair lánaimseartha agus go bhfuil sé/sí ar thóir oibre i ndáiríre do na laethanta a mbíonn sé/sí dífhostaithe.

I gcás go mbíonn leanaí cleithiúnacha ag duine a éilíonn UA, bainfear 60% den phá (i ndiaidh cánach) d'íocaíocht UA an duine sin. I gcás nach mbíonn aon leanaí cleithiúnacha ag éilitheoir UA, ceadófar neamhaird ioncaim €12.70 in aghaidh gach lá a oibríodh (suas le huasmhéid 3 lá). Bainfear an neamhaird ioncaim sin ón bpá (i ndiaidh cánach) agus déanfar an méid a bheidh fágtha a mheas ag 60%.

### *Íocaíocht UA fhadtréimhseach a roghnú thar UB*

Bíonn sé de rogha ag duine a fhaigheann ráta íseal UB UA a éileamh má chomhlíonann sé/sí tástáil maoine.

D'fhéadfadh gur rogha fiúntach é sin más lú an íocaíocht UB ná an méid a bheadh le fáil ar UA.

**Sampla – Duine ar UA le leanaí cleithiúnacha**

| | |
|---|---|
| Éilíonn lánúin a bhfuil 2 leanaí cleithiúnacha acu UA an duine agus oibríonn duine acu dhá lá sa tseachtain agus tuilleann €185 i ndiaidh cánach | |
| Íocaíocht UA san iomlán | €309.40* |
| Ioncam ón obair | €185.00 |
| Ioncam Inmheasúnaithe (60% de €185) | €111.00 |
| Íocaíocht UA san iomlán lúide Ioncam Inmheasúnaithe (€309.40 lúide €111) | €198.40 |
| | |
| Iocaíocht san Iomlán (lena n-áirítear íocaíocht UA agus ioncam ón obair) | €383.40 |

* €309.40 (lena n-áirítear íocaíocht UA + íocaíocht do Dhuine Fásta Cáilite + 2 íocaíocht Liúntais do Leanaí Cleithiúnacha).

## Eolas Breise

Chun níos mó eolais a fháil ar an riail maidir le Gnáth-áit Chónaithe, ar Neamhaird Ioncaim, liosta iomlán na ndíolúintí Airgid Thirim nó eolas breise ar Shochar agus Pribhléid, déan teagmháil leis an INOU.
Chun níos mó eolais a fháil ar na treoirlínte a chuireann an Roinn i bhfeidhm i dtaca leis an Riail maidir leis an nGnáth-áit Chónaithe, tá an láithreán gréasáin www.welfare/foi/habres.html áiseach.

Chun níos mó eolais a fháil ar na treoirlínte a chuireann an Roinn i bhfeidhm i dtaca le UB agus UA, tá na láithreáin gréasáin (www.welfare.ie/foi/ub_unempben.html) (www.welfare.ie/foi/ua_unemplasst.html) faoin Acht um Shaoráil Faisnéise úsáideach. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Íocaíochtaí agus Eolais na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ach glaoch ar (01) 704 3000 chun níos mó eolais a fháil ar gach íocaíocht, UB agus UA san áireamh.





## Sochar Dífhostaíochta (UB) agus Cúnamh Dífhostaíochta (UA)

I mí Mheán Fómhair 2006, athraíonn Sochar Dífhostaíochta agus Cúnamh Dífhostaíochta go Sochar do Phostlorgóirí agus Liúntas do Phostlorgóirí.

### *Critéir Chomónta chun ceachtar íocaíocht a fháil*

Is iad Sochar Dífhostaíochta agus Cúnamh Dífhostaíochta an dá phríomhíocaíocht dífhostaíochta. Le cáiliú don dá chineál íocaíochta ní mór do dhuine:

- Bheith ina c(h)ónaí i bPoblacht na hÉireann
- Bheith faoi bhun 66 bliana d'aois
- Bheith os cion 16 bliana d'aois le cáiliú do Shochar Dífhostaíochta agus bheith 18 mbliana d'aois nó níos sine le cáiliú do Chúnamh Dífhostaíochta
- Bheith dífhostaithe ar feadh 3 lá ar a laghad as 6 lá as a chéile.
- Bheith ar fáil d'obair lánaimseartha, bheith in ann d'obair lánaimseartha agus bheith ar a tóir i ndáiríre

## Sochar Dífhostaíochta (UB)

### *Teidlíocht UB*

Bíonn an teidlíocht i leith UB bunaithe ar líon na ranníocaíochtaí (ar a dtugtaí stampaí) ábhartha íoctha nó creidiúnaithe ÁSPC. Is féidir ranníocaíochtaí ÁSPC a íoc (agus duine ag obair) nó a chreidiúnú (agus duine cláraithe ar an Tabhall Beo). Tá tuilleadh eolais ar ranníocaíochtaí ÁSPC le fáil i Mír 5.
Bíonn teidlíocht ag duine i leith UB sa chás:

- Gur chaill an duine sin a c(h)uid fostaíochta aon lae amháin ar a laghad agus gur chaill an duine sin ioncam
- Go bhfuil 52 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC ag an duine ó thosaigh sé/sí ag obair **agus**
- Go bhfuil 19 seachtaine de ranníocaíochtaí íoctha nó creidiúnaithe ÁSPC ag an duine sa Bhliain Ábhartha Chánach* **nó**
- Go bhfuil 26 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC ag an duine sa Bhliain Ábhartha Chánach* **agus**
- Go bhfuil 26 seachtain de ranníocaíochtaí íoctha ÁSPC ag an duine sa Bhliain Chánach roimh an mBliain Ábhartha Chánach*

D'fhéadfadh duine cáiliú athuair do Shochar Dífhostaíochta (UB) má d'íoc sé/sí 13 ranníocaíocht ón uair a chríochnaigh an t-éileamh deiridh UB a rinne sé/sí (sa chás gur úsáid an duine a s(h)ochar ar fad agus go gcomhlíonann sé/sí na critéir ábhartha eile).

### *Íocaíocht*

Beidh an méid a gheobhaidh an duine ar UB bunaithe ar a m(h)eán-olltuilleamh seachtainiúil sa bhliain ábhartha chánach. Beidh an duine i dteideal ráta iomlán UB má bhí a p(h)á seachtainiúil sa bhliain ábhartha chánach/ ranníoca* €150 ar a laghad. Léirítear i Mír 4, an mhír ar Rátaí Íoca, rátaí UB do 2006.

### *An Bhliain Ábhartha Chánach/Ranníoca*

Déantar an bhliain ábhartha chánach/ ranníoca a chinneadh bunaithe ar ranníocaíochtaí sa bhliain chánach dhá bhliain roimh an mbliain dá mbíonn duine ag déanamh éilimh ar íocaíocht dífhostaíochta, i.e. agus éileamh ar UB á dhéanamh in 2006, is í an bhliain ábhartha chánach/ranníoca ná 2004, agus cinneann líon na ranníocaíochtaí íoctha nó creidiúnaithe a rinneadh in 2004 an teidlíocht i leith UB in 2006.

### *Delay in UB payment*

Beidh moill i gceist le hÍocaíocht Sochair Dhífhostaíochta a fháil, moill ó 1 lá go 9 seachtaine ar a mhéid, sa chás go ndífhostaítear duine de bharr:

- Gur fhág an duine fostaíocht, lena n-áirítear scéimeanna oiliúna agus fostaíochta, gan cúis mhaith
- gur dhiúltaigh an duine do thairiscint ar fhostaíocht nó oiliúint oiriúnach arna cur ar fáil ag FÁS, gan cúis mhaith (baineann sé seo le UA chomh maith)

- Gur glacadh le híocaíocht iomarcaíochta €19,046.07 nó níos airde. Baineann sé seo le daoine atá faoi bhun 55 bliana d'aois.

Má bhíonn duine dífhostaithe de bharr ceann ar bith de na cúiseanna thuas ach nach gcláraíonn sé/sí do UB sna chéad 9 seachtaine, féadfaidh sé/sí UB a fháil don tréimhse 15 mhí ina hiomláine.

## Cúnamh Dífhostaíochta (UA)

### *Cáiliú do UA*

D'fhéadfadh duine bheith i dteideal UA sa chás:

- Go gcomhlíonann an duine na critéir a leagtar amach ar leathanach 11 faoi *Critéir Chomónta*
- Nach bhfuil dóthain ranníocaíochtaí ÁSPC aige/aici chun Sochar Dífhostaíochta a fháil
- Go gcomhlíonann sé/sí tástáil maoine *agus*
- Go gcomhlíonann sé/sí riail maidir le Gnáth-áit Chónaithe

### *Tástáil Maoine UA*

Braithfidh teidlíocht i leith íocaíochtaí UA ar acmhainn ioncaim an duine. Braithfidh ráta seachtainiúil na híocaíochta UA ar mhaoin an duine chomh maith. Cuirfear an t-éilitheoir UA faoi agallamh faoina (h)ioncam. Ba chóir do dhuine taifead a choinneáil ar ráitis nó cuntais bhainc más féidir mar go bhféadfaí iad a iarraidh.

Glactar na ceithre chineál ioncaim fhéideartha seo a leanas san áireamh sa Tástáil Maoine:

- Ioncam Airgid Thirim
- Caipiteal
- Maoin
- Sochar agus Pribhléid

Glacfar an t-ioncam airgid thirim ar fad, nach mór, san áireamh. Tá roinnt eisceachtaí ann cosúil le Sochar Linbh agus Forlíonadh Cíosa nó Úis Mhorgáiste. Is féidir luach aon mhaoine (*seachas teach cónaithe an duine féin*), infheistíochtaí, coigiltí agus caipitil a mheas sa tástáil maoine. Is éard is Sochar agus Pribhléid ann ná ríomh a dhéanann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun an sochar a bhaineann duine dífhostaithe as bheith ag cónaí i dteach na muintire a mheas. Ní bhaineann sé seo le daoine atá 25 bliana d'aois nó os a chionn agus atá ag cónaí lena dtuismitheoirí.

### *Conas a dhéantar maoin duine atá dífhostaithe a mheas*

Agus maoin duine atá dífhostaithe á meas, baintear úsáid as an bhfoirmle seo a leanas chun ioncam airgid thirim, infheistíochtaí nó maoine eile seachas teach cónaithe an duine a mheas:

| Caipiteal | Maoin Sheachtainiúil |
|---|---|
| Suas le €20,000 | Nialas |
| €20,000 – €30,000 | €1 sa €1,000 |
| €30,000 – €40,000 | €2 sa €1,000 |
| Nias mó ná €40,000 | €4 sa €1,000 |



**Sampla**

Tá coilgiltí, lena n-áirítear maoin (seachas a theach cónaithe féin) ag duine ar fiú €40,000 iad.

| | | |
|---|---|---|
| Maoin | | €35,000 |
| Coilgiltí | | €5,000 |
| Luach Iomlán | | €40,000 |
| Coilgiltí inmheasúnaithe | | |
| An chéad €20,000 | | Nialas |
| €20,000-€30,000 | (10 x €1) | €10 |
| €30,000-€40,000 | (10 x €2) | €20 |
| Luach Seachtainiúil san Iomlán | | €30 |
| €30 a bhainfear as íocaíocht sheachtainiúil an duine | | |

### *An riail maidir le Gnáth-áit Chónaithe*

Braithfidh an teidlíocht a bheidh ag duine i leith íocaíocht UA ar an riail maidir le Gnáth-áit Chónaithe a chomhlíonadh. Is iad na cúinsí is tábhachtaí don riail maidir le gnáth-áit chónaithe ná fad, leanúnachas agus cineál na cónaitheachta.

De ghnáth comhlíonfaidh iarratasóir a bhí in Éirinn le 2 bhliain nó níos faide, a oibríonn in Éirinn agus a bhfuil rún socraithe aige/aici fanacht in Éirinn agus buanchónaí a dhéanamh inti an coinníoll maidir le gnáth-áit chónaithe.

### SWA agus Gnáth-áit Chónaithe

Ó mhí na Samhna 2005 ar aghaidh, saoránaigh de chuid an AE a bhí ag obair in Éirinn agus nach gcomhlíonann na critéir maidir le Gnáth-áit Chónaithe, d'fhéadfaidís bheith in ann bun-íocaíocht Liúntais Fhorlíontaigh Leasa (SWA) agus Forlíonadh Cíosa agus íocaíochtaí eile SWA a fháil, ach:

- Iad a bheith fostaithe in Éirinn
- A bpost a bheith caillte acu, *agus*
- Coinníollacha ábhartha cáiliúcháin eile do SWA a chomhlíonadh.

Oifigigh Leasa Pobail (CWO) a riarann na híocaíochtaí sin agus glacfaidh siad san áireamh, de ghnáth, an obair ar fad a rinne an t-éilitheoir agus féachaidh siad ar na nithe seo a leanas:

- Tréimhse na fostaíochta
- Líon na n-uaireanta oibre a rinneadh
- Leibhéal an tuillimh
- Cibé an raibh an obair rialta nó neamhrialta
- Cibé an bhfuil an duine dífhostaithe go deonach nó nach bhfuil

### *Ba chóir gach iarratas a mheas ar a fhiúntas féin.*

### *Obair Pháirtaimseartha agus UA*

Tig le duine a bhíonn ag fáil UA oibriú ar feadh suas le trí lá as aon tréimhse sé lá as a chéile agus UA a éileamh do na laethanta eile.

D'fhéadfadh an t-ioncam a fhaigheann an duine ó bheith ag obair cur isteach ar an íocaíocht UA, áfach. Aon chuid de lá a oibrítear, féachann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh air sin mar lá iomlán fostaíochta. Ní mór don duine leanúint ar aghaidh ag cruthú go bhfuil sé/sí ar fáil